Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12491/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0269(NLE)**

**ECOFIN 1126**
**UEM 424**
**FIN 1026**
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Phortaingéil an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 22 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023[3], an 8 Deireadh Fómhair 2024[4] agus an 13 Bealtaine 2025[5].

(2) An 18 Iúil 2025, rinne an Phortaingéil iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach go páirteach a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an bPortaingéil.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Phortaingéil isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 20 beart.

---

2 Féach doiciméid ST 10149/21 agus ST 10149/21 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

3 Féach doiciméid ST 13351/23 agus ST 13351/23 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

4 Féach doiciméid ST 13497/24 agus ST 13497/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

5 Féach doiciméid ST 8055/25 agus ST 8055/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Phortaingéil go ndearnadh 20 beart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le sprioc 1.37 de bheart C01-i08-RAA (Ospidéal Digiteach sna hAsóir), sprioc 1.42 de bheart C01-i10 (Clár Nuachóirithe Teicneolaíochta na Seirbhíse Sláinte Náisiúnta) agus sprioc 1.10 de bheart C01-r03 (An t-athchóiriú ar shamhail rialachais na n-ospidéal poiblí a chur i gcrích), iad uile faoi chomhchuid C01 (An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte); sprioc 3.2 de bheart C03-i01 (Glúin nua trealaimh agus freagairtí sóisialta) agus cloch mhíle 3.18 de bheart C03-i05 (Ardán + Rochtain), faoi chomhchuid C03 (Freagairtí Sóisialta); clocha míle 5.37 agus 5.38 de bheart C05-i08 (Níos Mó Eolaíochta Digití) faoi chomhchuid C05 (Infheistíocht agus Nuálaíocht); sprioc 6.5 de bheart C06-i02 (Gealltanas maidir le Fostaíocht Inbhuanaithe), cloch mhíle 6.24 de bheart C06-i07 (Níos mó spreagadh digiteach) agus clocha míle 6.17 agus 6.18 de bheart C06-r18 (Neamhionannas idir mná agus fir a chomhrac), iad uile faoi chomhchuid C06 (Cáilíochtaí agus Scileanna); sprioc 7.2 de bheart C07-i00 (Síneadh a chur leis an líonra luchtaithe feithiclí leictreacha) faoi chomhchuid C07 (Bonneagar); sprioc 8.13 de bheart C08-i05 (An Clár um Níos Mó Foraoise) faoi chomhchuid C08 (Foraoisí); cloch mhíle 14.4 agus sprioc 14.6 de bheart C14-i02-RAM (Neartaitheacht an leictreachais in-athnuaite in Oileánra Mhaidéara) faoi chomhchuid C14 (Hidrigin agus Fuinneamh In-athnuaite); cloch mhíle 17.10 agus sprioc 17.12 de bheart C17-i01 (Córais Faisnéise um Bainistíocht Airgeadais Phoiblí) agus cloch mhíle 17.5 de bheart C17-r32 (Bainistíocht Airgeadais Phoiblí a Nuachóiriú agus a Shimpliú), iad uile faoi chomhchuid C17 (Cáilíocht agus Inbhuanaitheacht an Airgeadais Phoiblí); cloch mhíle 19.28 de bheart C19-i05-RAM (Aistriú digiteach riarachán poiblí Mhaidéara) faoi chomhchuid C19 (Riarachán Poiblí Digiteach); spriocanna 20.4, 20.5 agus 20.7 de bheart C20-i01 (An t-aistriú digiteach san oideachas) agus sprioc 20.15 de bheart C20-i03-RAM (Dlús a chur le digitiú an oideachais i Réigiún Féinrialaitheach Mhaidéara), iad uile faoi chomhchuid C20 (An Scoil Dhigiteach); agus cloch mhíle 21.42 de bheart C21-i16 (Iarnród Cáblach Nazaré), sprioc 21.10 de bheart C21-r44 (Ionaid ilfhreastail éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt do shaoránaigh (Spásanna Fuinnimh do Shaoránaigh)) agus spriocanna 21.14 agus 21.15 de bheart C21-r45 (Scileanna Glasa), iad uile faoi chomhchuid C21 (REPowerEU).

Thairis sin, d'iarr an Phortaingéil go ndéanfaí na tuairiscí ar na bearta seo a leanas a leasú: beart C01-i08-RAA (Ospidéal Digiteach sna hAsóir) agus beart C01-r03 (An t-athchóiriú ar shamhail rialachais na n-ospidéal poiblí a chur i gcrích), iad araon faoi chomhchuid C01 (An tSeirbhís Náisiúnta Sláinte); beart C03-i01 (Glúin nua trealaimh agus freagairtí sóisialta) agus beart C03-i05 (Ardán + Rochtain), iad araon faoi chomhchuid C03 (Freagairtí Sóisialta); beart C05-i08 (Níos Mó Eolaíochta Digití) faoi chomhchuid C05 (Infheistíocht agus Nuálaíocht); beart C06-i02 (Gealltanas maidir le Fostaíocht Inbhuanaithe), beart C06-i07 (Níos mó spreagadh digiteach) agus beart C06-r18 (Neamhionannas idir mná agus fir a chomhrac), iad uile faoi chomhchuid C06 (Cáilíochtaí agus Scileanna); beart C07-i00 (Síneadh a chur leis an líonra luchtaithe feithiclí leictreacha) faoi chomhchuid C07 (Bonneagar); beart C08-i05 (An Clár um Níos Mó Foraoise) faoi chomhchuid C08 (Foraoisí); beart C14-i02-RAM (Neartaitheacht an leictreachais in-athnuaite in Oileánra Mhaidéara) faoi chomhchuid C14 (Hidrigin agus Fuinneamh In-athnuaite); beart C17-i01 (Córais Faisnéise um Bainistíocht Airgeadais Phoiblí) agus beart C17-r32 (Bainistíocht Airgeadais Phoiblí a Nuachóiriú agus a Shimpliú), iad araon faoi chomhchuid C17 (Cáilíocht agus Inbhuanaitheacht an Airgeadais Phoiblí); beart C19-i05-RAM (Aistriú digiteach riarachán poiblí Mhaidéara) faoi chomhchuid C19 (Riarachán Poiblí Digiteach); beart C20-i01 (An t-aistriú digiteach san oideachas) faoi chomhchuid C20 (An Scoil Dhigiteach); beart C21-i16 (Iarnród Cáblach Nazaré), beart C21-r44 (Ionaid ilfhreastail éifeachtúlachta fuinnimh a fhorbairt do shaoránaigh (Spásanna Fuinnimh do Shaoránaigh)) agus beart C21-r45 (Scileanna Glasa), iad uile faoi chomhchuid C21 (REPowerEU). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an bPortaingéil, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

*Ceartúchán ar earráidí cléireachais*

(6) Sainaithníodh aon earráid chléireachais amháin i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do chloch mhíle amháin agus d’aon bheart amháin faoi chomhchuid amháin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun an earráid chléireachais sin a cheartú, earráid nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 22 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Phortaingéil. Baineann an earráid chléireachais sin le cloch mhíle 21.38 de bheart C21-i14 (Mearbhealach Busanna Braga) faoi chomhchuid C21 (REPowerEU). Ní dhéanann an ceartúchán sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú an Choimisiúin*

(7) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(8) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Phortaingéil chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Measúnú dearfach*

(9) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(10) Is é EUR 22 215 870 313 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Portaingéile. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Phortaingéil, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] agus i gcomhréir le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Portaingéile, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith comhionann le méid iomlán na ranníocaíochta uasta airgeadais atá ar fáil le haghaidh phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Portaingéile. EUR 16 325 113 960 atá sa tsuim sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil don Phortaingéil.

---

**6** Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Iasachtaí*

(11) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Phortaingéil dar luach EUR 5 890 756 353.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Portaingéile mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Portaingéile a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta atá ann faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a bhaineann le híoc na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus na clocha míle agus spriocanna breise a bhaineann le híoc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na clocha míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe maidir le rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Portaingéile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*